

catalaíoch d'athruithe »

Obair ar son Éire gan bochtanas

An Gníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine »

Plean Straitéiseach 2005 : 2007



Obair ar son Éire gan bochtanas

An Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine »

Plean Straitéiseach 2005 : 2007



Réamhrá »

Seo é an seachtú plean straitéiseach de chuid na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine ó bunaíodh é i 1986. Le hocht mbliana déag anuas tá go leor athruithe feicthe againn. Go heacnamaíoch, tá dul chun cinn suntasach déanta ag Éirinn le leibhéal arda d'fhás eacnamaíoch agus leibhéal ísle de dhífhostaíocht. Tá laghdú tagtha ar na leibhéal de bhochtaineacht dháiríre nó leanúnach. Níor bhain gach duine an tairbhe chéanna as, áfach, agus tá méadú ag teacht ar na bearnaí idir ioncam na ndaoine a raibh sé ar a gcumas acu leas a bhaint as na deiseanna a chuir an fás eacnamaíoch ar fáil agus ioncam na ndaoine nach raibh in ann é sin a dhéanamh. Tá feabhsuithe breise le déanamh ar ár seirbhísí poiblí freisin. Lena chois sin, tá daoine ann inár sochaí atá imeallaithe agus eisiata.

Tá feabhas mór tagtha ar an infrastruchtúr chun dul i ngleic le bochtaineacht ó dheireadh na 1980í. Tá spriocanna náisiúnta againn chun bochtaineacht a laghdú, mar a leagtar amach sa Phlean Gnímh Náisiúnta in aghaidh na Bochtaine agus an Eisiata Shóisialta. Tá aonaid um uilechuimsitheacht shóisialta in a lán ranna Rialtais agus údaráis áitiúla, agus tá an fhreagracht iomlán ar an Oifig um Uilechuimsitheacht Shóisialta as straitéisí frithbhochtaineachta a chomhordú, monatóireacht a dhéanamh orthu agus iad a mheas.

Is sa chomhthéacs sin a chuirimid ár seachtú plean straitéiseach in iúl, a dhíríonn ar thrí phríomhspríoc:

- ▶ Dáileadh Ioncaim agus Post;
- ▶ Rochtain ar Sheirbhísí ar Ardchaighdeán;
- ▶ Freagairtí Áitiúla agus Réigiúnacha ar an mBochtaineacht




Agus ár bplean á chur i ngníomh againn, tá a fhios againn go bhfuil gá ann an lucht déanta beartas agus an pobal i gcoitinne a choinneáil ar an eolas maidir le méid agus nádúr na bochtaineachta chomh maith leis na réitigh atá ann chun dul i ngleic léi. Baineann tábhacht leis na beartais atá á gcur i bhfeidhm ag an bPlean Gníomhartha Náisiúnta in aghaidh na Bochtaine agus an Eisiata Shóisialta ina leith seo, agus baineann tábhacht le rannpháirtíocht na ndaoine a bhíonn ag fulaingt i mbochtaineacht, a n-ionadaithe agus na comhpháirtithe sóisialta sa phróiseas seo freisin. Déanfaimid iarracht tacú le cleachtas ar an talamh, ag féachaint do bheartas a chur ar an eolas.

Forbraíodh ár bPlean trí phróiseas comhoibritheach a raibh an Bord agus an fhoireann bainteach leis, agus a bhí bunaithe freisin ar eolas a tháinig ó mheasúnacht an phlean straitéisigh a tháinig roimhe agus ó chomhairliúchán leis an bpríomhlucht leasa. Teastaíonn uainn buíochas a ghlacadh le gach aon duine a bhí páirteach sa phróiseas as a smaointe agus as a dtacaíocht agus tá súil againn go mbeimid níos giorra do shoचाई saor ó bhochtaineacht agus an Plean seo curtha i bhfeidhm againn.

Brian Duncan
An Cathaoirleach

Helen Johnston
An Stiúrthóir





Clár na nÁbhar »

Achoimre	6
1 Réamhrá	
1.1 Fócas ar dhul i ngleic leis an mBochtaineacht	8
1.2 Fís	9
1.3 Misean	9
1.4 Prionsabail	10
2 Comhthéacs	
2.1 Comhthéacs Seachtrach	12
2.2 Dúshlán Sheachtracha	13
3 Straitéis	
3.1 Forléargas ar Chuspóirí Straitéiseacha	16
3.2 Straitéis na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine	18
4 Acmhainn na hEagraíochta	25
5 Forfheidhmiú na Straitéise	27
Aguisín: Feidhmeanna Reachtúla	29
Gluais Téarmaí	33



Achoimre »

Is gníomhaireacht reachtúil é Comhrac na Bochtaine a bhí bunaithe faoin Acht um Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine 1986. Is iad seo a leanas feidhmeanna Chomhrac na Bochtaine mar a leagtar amach san Acht sin iad: comhairle beartais; taighde; tacaíocht tionscadail; nuálacht agus meastóireacht; agus oideachas poiblí. Faoin Acht, tá sé de dhualgas orainn pleananna straitéiseacha trí bliana a ullmhú. Is é an Plean seo, don tréimhse 2005-2007 ár seachtú Plean Straitéiseach. Déantar achoimre ar na príomheilimintí a bhaineann leis thíos.

Ár bhfís »

Obair ar son Éire gan bochtanas.

Ár misean »

Is gníomhaireacht comhairle stáit muid a fhorbraíonn agus a chothaíonn moltaí agus bearta bunaithe ar fhianaise chun dul i ngleic le bochtaineacht in Éirinn.


Ár gCuspóirí Straitéiseacha »

- ▶ **Dáileadh Ioncaim agus Post**
Dáileadh níos cothroime d'ioncam agus d'fhostaíocht a chur chun cinn trí chomhairle bunaithe ar fhianaise a chur ar fáil maidir le beartais chánach, leasa shóisialaigh agus fostaíochta.
- ▶ **Rochtain ar Sheirbhísí ar Ardchaighdeán**
Chun moltaí beartais a fhorbairt agus a chur chun cinn chun go mbeidh rochtain ag daoine i mbochtaineacht ar sheirbhísí sláinte agus oideachais ar ardchaighdeán.
- ▶ **Freagairtí Áitiúla agus Réigiúnacha ar an mBochtaineacht**
Tacaíocht a thabhairt d'fhreagairtí áitiúla agus réigiúnacha ar an mbochtaineacht, lena n-áirítear freagairtí i limistéir na teorann a raibh tionchar ag coinbhleacht Thuaisceart Éireann orthu.

Tacófar le seachadadh ár Spriocanna Straitéiseacha trí acmhainn ár n-eagraíochta a chothabháil agus a fhorbairt. Tá sonraí na Straitéise le fáil i bPlean Forfheidhmiúcháin.



1 Réamhrá »



1.1 Fócas ar Dhul i nGleic leis an mBochtaineacht »

Tá geilleagar rathúil forbartha ag Éirinn, ach fós féin tá leibhéil sách arda de bhochtaineacht agus d'eisiamh sóisialta sa tír. Cé go bhfuil dul chun cinn déanta i bhfeabhas a chur ar chaighdeáin mhaireachtála na ndaoine is boichte sa tsochaí, fós fein tá méadú tar éis teacht ar an mbearna ioncaim idir na daoine níos saibhre agus na daoine nach bhfuil chomh maith as. Tugann fianaise le fios go mbíonn torthaí sóisialta níos cothroime ag sochaí ina mbíonn dáileadh ioncaim níos cothroime agus mar sin go mbíonn daoine in ann páirt a ghlacadh sa tsochaí ar shlí níos fearr. Chun é sin a dhéanamh caithfear aghaidh a thabhairt ar chúiseanna struchtúrtha na bochtaineachta agus a chinntiú: go bhfuil dáileadh cothrom ioncaim agus post; go bhfuil rochtain ag gach aon duine ar sheirbhísí ar ardchaighdeán; agus go n-aithnítear fachtóirí áitiúla agus réigiúnacha.

Inár seachtú Plean Straitéiseach don tréimhse trí bliana 2005-2007, dírimid isteach ar ghníomhaíochtaí a théann lenár bhfeidhmeanna reachtúla a thugann aghaidh ar chúiseanna struchtúrtha na bochtaineachta.

- ▶ Dáileadh Ioncaim agus Post;
- ▶ Rochtain ar Sheirbhísí ar Ardchaighdeán; agus
- ▶ Freagairtí Áitiúla agus Réigiúnacha ar an mBochtaineacht

Is é Comhrac na Bochtaine an t-aon ghníomhaireacht comhairle náisiúnta a bhfuil sé mar dualgas air dul i ngleic leis an mbochtaineacht in Éirinn. Oibrímid mar chatalaíoch d'athruithe trí iarracht a dhéanamh dul i bhfeidhm ar bheartas poiblí agus tacaíocht phoiblí a fháil do ghnímh ar shaincheisteanna a bhaineann le bochtaineacht. Táimid éifeachtúil agus inchreidte toisc gur féidir linn labhairt amach faoin mbochtaineacht go húdarach agus go hoibiachtúil.




Cuireadh an Plean Straitéiseach seo faoi bhráid an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh a cheadaigh é. Faoin Acht um Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine 1986 tá sé de dhualgas orainn Plean Straitéiseach trí bliana a ullmhú. Is iad seo a leanas feidhmeanna Chomhrac na Bochtaine mar a leagtar amach san Acht iad: comhairle beartais; taighde; tacaíocht tionscadail; nuálacht agus meastóireacht; agus oideachas poiblí (féach ar an Aguisín).

1.2 Fís

Ag oibriú i dtreo Éireann saor ó bhochtaineacht.

1.3 Misean

Is gníomhaireacht comhairle stáit muid a fhorbraíonn agus a chothaíonn moltaí agus bearta bunaithe ar fhianaise chun dul i ngleic le bochtaineacht in Éirinn.



1.4 Prionsabail

Agus ár bPlean Straitéiseach á chur i bhfeidhm, tabharfaidh sé phríomhphrionsabal treoir dúinn.

» Oibiachtúlacht

Is cuid bhunúsach dár misean é comhairle neamhspleách bunaithe ar fhianaise faoin mbochtaineacht agus réitigh ar an mbochtaineacht a chur chun cinn.

» Comhpháirtíocht

Chun an tacaíocht agus na gnímh is fearr is féidir a dhéanamh chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht, caithfear comhpháirtíocht láidir a chothú le leibhéil uile an rialtais, na comhpháirtithe sóisialta, na daoine atá i mbochtaineacht agus na daoine a bhíonn ag obair ar shaincheisteanna bochtaineachta.

» Rannpháirtíocht agus Cumhachtú

Chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht ar shlí éifeachtúil caithfear daoine aonair agus pobail a mbíonn tionchar ag an mbochtaineacht orthu a dhéanamh rannpháirteach agus a chumhachtú.

» Cearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha


Chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht caithfear aitheantas a thabhairt do chearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha, do dhíothú an idirdhealaithe agus do mheas ar an éagsúlacht.

» Comhionannas Socheacnamaíoch

Chun gluaiseacht i dtreo Éireann saor ó bhochtaineacht, ta sé riachtanach dáileadh níos cothroime d'acmhainní agus de dheiseanna a bhaint amach.

» Ag Tógáil na Síochána

Cuid riachtanach de shochaí cheart chuimsitheach a fhorbairt is ea sochaí chobhsaí shíochánta a chur chun cinn.



2 Comhthéacs »



Ta fachtóirí ann a mbeidh tionchar acu ar fhorbairt agus cur i bhfeidhm ár straitéise. Áirítear orthu sin nádúr agus méid na bochtaineachta in Éirinn, fachtóirí eacnamaíocha agus sóisialta agus an comhthéacs beartais chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht sna trí bliana amach romhainn. Is é seo a leanas achoimre bheag ar na fachtóirí sin:

2.1 Comhthéacs Seachtrach

» **Bochtaineacht**


- ▶ Tá bochtaineacht leanúnach ag 9.4% (2003)
- ▶ Tá bochtaineacht i gcoibhneas le hioncam ag 22.7% (2003)
- ▶ Tá roinnt daoine agus grúpaí sa tsochaí atá an-leochaileach maidir leis an mbochtaineacht

» **Comhthéacs Eacnamaíoch**

- ▶ Fás bliantúil measta 5%
- ▶ Boilsciú measta 2-3%
- ▶ Fás ar an soláthar saothair

» **Comhthéacs Sóisialta**

- ▶ Meastar go bhfanfaidh dífhostaíocht faoi bhun 5%
- ▶ Méadú ar "daoine bochta a bhíonn ag obair"
- ▶ An tábhacht a bhaineann le cosaint shóisialta agus rochtain ar sheirbhísí ar ardchaighdeán
- ▶ Méadú ar thuismíocht aonair, daoine scothaosta a mbíonn cónaí orthu ina n-aonar agus riachtanais chúraim
- ▶ Méadú ar inimirce



» Comhthéacs Beartais

- ▶ An Straitéis Náisiúnta Frithbhochtaine (NAPS) 2002 - 2007
- ▶ Plean Gníomhartha Náisiúnta in aghaidh na Bochtaine agus an Eisiata Shóisialta (NAPs san áireamh)
- ▶ **Dul Chun Cinn** a Chothabháil, lena n-áirítear an 10 "Tionscnamh Speisialta"
- ▶ Pleananna Forbartha Náisiúnta
- ▶ Straitéis Náisiúnta Sláinte
- ▶ Athchóiriú an Rialtais Áitiúil
- ▶ An Próiseas Síochána
- ▶ An Páipéar Bán **Supporting Voluntary Activity**

2.2 Dúshláin Sheachtracha

Tá roinnt dúshláin i gceist de bharr na timpeallachta seachtraí agus tabharfaimid aghaidh orthu trínár straitéis sna trí bliana amach romhainn chun oibriú i dtreo Éireann saor ó bhochtaineacht. Agus muid ag tabhairt aghaidhe ar na dúshláin sin, beidh na nithe seo a leanas i gceist:

▶ **Béim a chur ar fheasacht go bhfuil bochtaineacht agus eisiamh sóisialta fós ann.**

I ngeilleagar rathúil, seans ann go gcreideann daoine nach bhfuil an bhochtaineacht ann níos mó. Sa chomhthéacs sin, bíonn gá le béim a chur ar mhéid, nádúr agus cúiseanna na bochtaineachta, an eisiata shóisialta agus na héagothroime.

▶ **A chinntiú go dtacaíonn rath eacnamaíoch le huilechuimsitheacht shóisialta mhéadaithe.**

Tá geilleagar thar a bheith rathúil forbartha ag Éirinn, agus caithfimid a chinntiú go dtacaíonn an rath eacnamaíoch sin le huilechuimsitheacht shóisialta mhéadaithe.



▶ **Gníomhartha frithbhochtaineachta agus uilechuimsitheacht shóisialta a chur chun cinn i mbeartais náisiúnta.**

Bíonn tionchar ag raon de bheartais náisiúnta ar dhaoine i mbochtaineacht. Tá gá ann a chinntiú go gcuireann beartais dá leithéid gníomhartha frithbhochtaineachta agus uilechuimsitheacht shóisialta chun cinn.

▶ **Tacaíocht a thabhairt do fhreagairtí áitiúla ar an mbochtaineacht.**

Tá gá le freagairtí áitiúla a théann i ngleic leis an mbochtaineacht chun cur leis na beartais náisiúnta. Sa chomhthéacs sin, tá ról ríthábhachtach ag forbairt pobail agus aghaidh á tabhairt ar an mbochtaineacht i bpobail faoi mhíbhuntáiste.

▶ **Cúiseanna nua leis an mbochtaineacht a aithint agus réitigh a fháil ar na cúiseanna sin.**

Tá cúiseanna nua leis an mbochtaineacht ag teacht chun cinn, cosúil le saincheisteanna bochtaineachta do phobail eitneacha agus eisiamh ó theicneolaíochtaí nua. Tá roinnt daoine ann freisin atá i mbochtaineacht dháiríre. Caithfidh beartas frithbhochtaineachta na saincheisteanna sin a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu.

▶ **Foghlaim ó thaithí Eorpach agus idirnáisiúnta.**

Is féidir linn foghlaim ón tslí ina théann tíortha eile i ngleic leis an mbochtaineacht agus is féidir linn ár dtaithí féin a roinnt leo. Is féidir linn freisin maoiniú Eorpach agus ceachtanna Eorpacha a fháil chun uilechuimsitheacht shóisialta a chur chun cinn in Éirinn.

▶ **Béim a chur ar an ngá atá le dul i ngleic leis an mbochtaineacht sna limistéir a raibh tionchar ag coinbhleacht Thuaisceart Éireann orthu.**

Tá gá le tuiscint níos fearr a fháil ar an ngaolmhaireacht chasta idir an bhochtaineacht agus an choinbhleacht agus a chinntiú go dtugann beartas frithbhochtaineachta aghaidh ar shaincheisteanna coinbhleachta agus iar-choinbhleachta.



3 Straitéis »



3.1 Forléargas ar Chuspóirí Straitéiseacha

Tá treo straitéiseach Chomhrac na Bochtaine don tréimhse 2005-2007 dírithe ar athruithe a chur i bhfeidhm ar struchtúir eacnamaíocha agus sóisialta. Is é an aidhm atá leis sin go mbeadh níos mó seans ag daoine i mbochtaineacht tairbhe a bhaint as ioncaim níos fearr agus deiseanna saol níos fearr a chuirfidh feabhas ar a gcaighdeáin mhaireachtála agus a rannpháirtíocht shóisialta agus a laghdóidh éagothroime i sochaí na hÉireann. Tá an Straitéis bunaithe ar thrí Sprioc:

1 » Dáileadh Ioncaim agus Post

Dáileadh níos cothroime d'ioncam agus d'fhostaíocht a chur chun cinn trí chomhairle bunaithe ar fhianaise a chur ar fáil maidir le beartais chánach, leasa shóisialaigh agus fostaíochta.

Tá gá le dáileadh ioncaim níos cothroime chun sochaí saor ó bhochtaineacht a chruthú. Tá an fhostaíocht agus leas sóisialach ina bpríomhfhoinsí ioncaim. Bíonn tionchar ag beartais fostaíochta, cánach agus leasa shóisialaigh orthu sin, ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal na hEorpa. Cuirfidh Comhrac na Bochtaine, i gcomhar le grúpaí eile, fianaise ar fáil chun beartas a chur ar an eolas chun go mbainfear dáileadh ioncaim níos cothroime amach.



2 » Rochtain ar Sheirbhísí ar Ardchaighdeán

Chun moltaí beartais a fhorbairt agus a chur chun cinn chun go mbeidh rochtain ag daoine i mbochtaineacht ar sheirbhísí sláinte agus oideachais ar ardchaighdeán.

Is minic a bhíonn rochtain éagothroime ag daoine i mbochtaineacht ar sheirbhísí riachtanacha. Mar sin, bíonn sé ríthábhachtach go soláthraítear seirbhísí inrochtana ag praghas inacmhainne, cosúil le seirbhísí sláinte agus oideachais, agus muid ag oibriú i dtreo sochaí saor ó bhochtaineacht. Oibreoidh Comhrac na Bochtaine i gcomhar le lucht leasa sláinte agus oideachais chun rochtain chothromasach ar sheirbhísí ar ardchaighdeán a chur ar fáil do dhaoine i mbochtaineacht.

3 » Freagairtí Áitiúla agus Réigiúnacha ar an mBochtaineacht

Tacaíocht a thabhairt d'fhreagairtí áitiúla agus réigiúnacha ar an mbochtaineacht, lena n-áirítear freagairtí i limistéir na teorann a raibh tionchar ag coinbhleacht Thuaisceart Éireann orthu.

Chun sochaí saor ó bhochtaineacht a chruthú, tá gá le gníomh comhordaithe a dhéanamh ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus Eorpach le grúpaí ar leithligh atá leochaileach maidir leis an mbochtaineacht. Tacóidh Comhrac na Bochtaine, i gcomhar le grúpaí eile, le forbairt straitéisí frithbhochtaineachta áitiúla agus nascfaidh sé na straitéisí sin leis an Straitéis Náisiúnta Frithbhochtaine.




3.2 Straitéis na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine

Cuirtear síos ar an straitéis do Chomhrac na Bochtaine i dtéarmaí Spriocanna Straitéiseacha, Cuspóirí, Príomhtháscairí Feidhmíochta agus Táscairí Tionchair.

Tacaíonn na Cuspóirí leis na Spriocanna Straitéiseacha agus de réir fheidhmeanna reachtúla Chomhrac na Bochtaine, cuireann siad síos ar an obair a dhírimid isteach air agus muid ag tabhairt aghaidhe ar na spriocanna sin.

Tomhasann na príomhtháscairí feidhmíochta agus na táscairí tionchair gnóthachtáil na Spriocanna agus na gCuspóirí Straitéiseacha.

Déantar cur síos ar na tascanna mionsonraithe, na freagrachtaí sannta agus na frámaí ama sa Phlean Forfheidhmiúcháin a thugann tacaíocht do sheachadadh na Straitéise.



Spríoc Straitéiseach a hAon »

3.2.1 Dáileadh Ioncaim agus Post »

Dáileadh níos cothroime d'ioncam agus d'fhostaíocht a chur chun cinn trí chomhairle bunaithe ar fhianaise a chur ar fáil maidir le beartais chánach, leasa shóisialaigh agus fostaíochta

Cuspóirí »

- ▶ Treochtaí Bochtaineachta: Chun treochtaí agus forbairtí beartais náisiúnta agus Eorpacha a anailísiú maidir leis an mbochtaineacht agus rochtain ar acmhainní, i gcomhar le lucht leasa náisiúnta agus Eorpach
- ▶ Rochtain ar Fhostaíocht ar Ardchaighdeán: Beartais a mholadh a thabharfaidh tacaíocht don aistriú ó leas sóisialach go hobair ar ardchaighdeán
- ▶ Beartais chánach agus leasa shóisialaigh: Moltaí beartais chánach agus leasa shóisialaigh a fhorbairt dírithe ar ioncaim agus caighdeáin mhaireachtála iad siúd a mbíonn i mbaol na bochtaineachta a ardú

Príomhtháscairi Feidhmíochta »

- ▶ **Treochtaí Bochtaineachta**
- ▶ Foilsíodh dhá thuarascáil ar threochtaí bochtaineachta agus cuireadh chun cinn iad
- ▶ Foilsíodh staidéar ar ghluaiseachtaí isteach agus amach as bochtaineacht leanaí agus cuireadh moltaí chun cinn chun bochtaineacht leanaí a laghdú
- ▶ Rinneadh moltaí do Choimisiún na hEorpa agus do rialtas na hÉireann ar conas príomhshruthú uilechuimsitheachta sóisialta a chur chun cinn agus a mheas
- ▶ Rinneadh comhairliúcháin, anailísí agus aighneachtaí maidir le príomh-shaincheistanna do na Pleananna Gníomhartha Náisiúnta (NAPs) lena n-áirítear an Straitéis Náisiúnta Frithbhochtaine (NAPS)



» **Rochtain ar Fhostaíocht ar Ardchaighdeán**

- ▶ Foilsíodh agus cuireadh straitéisí chun cinn do theaghlaigh ar ioncam íseal chun cabhrú leo an t-athrú a dhéanamh ó leas sóisialach go hobair ar ardchaighdeán

» **Moltaí Cánach agus Leasa Shóisialaigh**

- ▶ Tugadh tacaíocht do ghrúpaí frithbhochtaineachta pobail agus deonacha in obair chánach agus bheartais chun go mbeadh a n-aighneachtaí buiséid agus a n-aighneachtaí eile eolasach
- ▶ Foilsíodh agus cuireadh chun cinn leabhar ar threonna nua d'athchóiriú leasa shóisialaigh

Táscairí Tionchair »

- ▶ Ghlac an Rialtas go hiomlán nó le cuid den chomhairle a tugadh ar bheartais chánach, leasa shóisialaigh agus fostaíochta.
- ▶ Bhain páirtithe polaitiúla, na comhpháirtithe sóisialta agus an earnáil pobail agus dheonach úsáid dhearfach as an gcomhairle
- ▶ Tá feasacht agus tuiscint níos fearr ar nádúr na bochtaineachta in Éirinn anois



Spríoc Straitéiseach a Dó »

3.2.2 Rochtain ar Sheirbhísí ar Ardchaighdeán

Chun moltaí beartais a fhorbairt agus a chur chun cinn chun go mbeidh rochtain ag daoine i mbochtaineacht ar sheirbhísí sláinte agus oideachais ar ardchaighdeán

Cuspóirí »

▶ Seirbhísí Sláinte

Chun pleanáil agus beartas na seirbhísí sláinte a chur ar an eolas chun go gcomhlíonfaidh siad spriocanna na Straitéise Náisiúnta Frithbhochtaine (NAPS)

▶ Pobail níos sláintiúla

Tacaíocht a thabhairt do phobail faoi mhíbhuntáiste chun forthorthaí sláinte níos fearr a bhaint amach, ag úsáid prionsabail agus cleachtais forbartha pobail.


▶ Míbhuntáiste Oideachais

Chun moltaí beartais eifeachtúla a aithint agus a chur chun cinn chun go mbainfear forthorthaí oideachais níos cothromasaí amach

Príomhtháscairi Feidhmíochta »

» Na Seirbhísí Sláinte

- ▶ Rinneadh anailís ar bheartais agus cláir chun a fháil amach cén tionchar a bheadh acu ar sprioc NAPS a bhaint amach agus rinneadh moltaí ar conas a d'fhéadfadh feabhas a chur orthu
- ▶ Rinneadh tionscnaimh chomhoibritheacha leis an Roinn Sláinte agus Leanaí agus lucht leasa ábhartha chun oibriú i dtreo fhorthorthaí sláinte NAPS
- ▶ Rinneadh moltaí ar conas feabhas a chur ar rochtain ar sheirbhísí sláinte ar ardchaighdeán do dhaoine ar ioncam íseal



» Pobail Níos Sláintiúla


- ▶ Rinneadh moltaí beartais maidir le cuir chuige forbartha pobail a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le éagothroime sláinte
- ▶ Cuireadh tacaíocht oiliúna i bhfeidhm d'oibrithe forbartha pobail agus d'oibrithe sláinte reachtúla chun go mbainfidh siad úsáid as cuir chuige comhpháirtíochta chun forthorthaí sláinte níos fearr a bhaint amach

» Míbhuntáiste Oideachais

- ▶ Foilsíodh agus cuireadh moltaí beartais chun cinn maidir le luathoideachas uilíoch a sholáthar, ó pheorspictíocht frithbhochtaineachta
- ▶ Foilsíodh agus cuireadh moltaí beartais chun cinn maidir le feabhas a chur ar rannpháirtíocht daoine ar ioncam íseal san oideachas

Táscairí Tionchair »

- ▶ Feasacht mhéadaithe ar shaincheisteanna a bhaineann le rochtain chomhionann i measc bhainistíocht agus fhoireann na seirbhísí sláinte agus oideachais a oibríonn le Comhrac na Bochtaine ar na saincheisteanna sin
- ▶ Gníomhartha dearfacha curtha i bhfeidhm ag seirbhísí sláinte agus oideachais a oibríonn le Comhrac na Bochtaine ar shaincheisteanna rochtana
- ▶ Acmhainn mhéadaithe pobal áitiúil cur le forthorthaí sláinte feabhsaithe



Spríoc Straitéiseach a Trí »

3.2.3 Freagairtí Áitiúla agus Réigiúnacha ar an mBochtaineacht

Tacaíocht a thabhairt d'fhreagairtí áitiúla agus réigiúnacha ar an mbochtaineacht, lena n-áirítear freagairtí i limistéir na teorann a raibh tionchar ag coinbhleacht Thuaisceart Éireann orthu.

Cuspóirí »

▶ Rialtas áitiúil

Tacaíocht fhadtéarmach a fháil chun uilechuimsitheacht shóisialta a dhaingniú sa rialtas áitiúil agus chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt straitéisí frithbhochtaineachta le rannpháirtíocht an lucht leasa cuí ina iomláine

▶ An Clár 'Peace'

Uilechuimsitheacht shóisialta a chur ag lár an chláir leathnaithe Peace II agus aon chlár 'Peace' sa todhcháí, agus an nasc idir tógáil na síochána agus uilechuimsitheacht shóisialta a dhéanamh níos soiléire agus a dhéanamh intuigthe ar bhonn níos forleithne

▶ An Plean Gníomhartha Náisiúnta (NDP)

Chun an fócas ar uilechuimsitheacht shóisialta a neartú sa Plean Gníomhartha Náisiúnta agus sa chéad bhabhta eile de Chistí Struchtúracha

▶ An Straitéis Náisiúnta Frithbhochtaine (NAPS)

Chun tuiscint níos fearr a fháil ar dháileadh spásúil na bochtaineachta agus a chinntiú go mbíonn naisc éifeachtúla idir straitéisí frithbhochtaineachta áitiúla agus náisiúnta sa chomthéacs sin



Príomhtháscairi Feidhmíochta »

» Rialtas Áitiúil

- ▶ Ghlac, ar a laghad, leath de na húdaráis áitiúla le Múnla de Straitéis Frithbhochtaine Áitiúil (LAPS) agus forbraíodh naisc leis an Straitéis Náisiúnta Frithbhochtaine (NAPS)
- ▶ Cuireadh bonn fianaise ar fáil agus cuireadh chun cinn é maidir le ról na forbartha pobail i ndul i ngleic leis an mbochtaineacht

» Clár 'Peace'

- ▶ Bearta ADM/CPA de Peace II agus Peace II+ curtha i bhfeidhm go rathúil le foghlaim tógtha ó thionscadail chun beartais ábhartha a chur ar an eolas

» Plean Forbartha Náisiúnta (NDP)

- ▶ Páipéar beartais foilsithe chun fócas frithbhochtaineachta agus uilechuimsitheachta sóisialta níos láidre a chur sa chéad bhabhta eile de Mhaoiniú Struchtúrach

» An Straitéis Náisiúnta Frithbhochtaine (NAPS)


- ▶ Staidéar foilsithe agus curtha chun cinn ar dháileadh spásúil na bochtaineachta
- ▶ Staidéar foilsithe agus curtha chun cinn ar thionchar na mbeartas ar choinníollacha maireachtála i gceantair faoi mhíbhuntáiste

Táscairí Tionchair »

- ▶ Tugann solathróirí príomhshrutha an rialtais áitiúil aghaidh ar shaincheisteanna na bochtaineachta agus an eisiata shóisialta mar chuid dá n-obair leanúnach
- ▶ Aithnítear tionchar choinbhleacht Thuaisceart Éireann i mbeartais agus cláir frithbhochtaine
- ▶ Baineadh úsáid as freagairtí áitiúla agus réigiúnacha ar an mbochtaineacht i mbeartais náisiúnta frithbhochtaineachta



4 Acmhainn na hEagraíochta »



Tá sé ríthábhachtach go bhfuil sé d'acmhainn ag an eagraíocht tacaíocht a thabhairt d'fhorfheidhmiú na straitéise. Tacóimid le forfheidhmiú ár bPlean Straitéisigh trí acmhainn ár n-eagraíochta a neartú agus a fhorbairt. Chun é sin a bhaint amach, beidh acmhainn leordhóthanach airgid agus daonna ag teastáil uainn. Is iad seo a leanas na nithe a thabharfaimid aghaidh orthu:

» **Cumarsáid agus Cur Chun Cinn**

Cuirfimid ár dteachtaireachtaí maidir le dul i ngleic leis an mbochtaineacht in iúl dár bpríomhlucht leasa ar shlí shoiléir. Cuirfimid ár misean, ár bhfeidhmeanna agus ár spriocanna in iúl do luchtanna éisteachta seachtracha agus inmheánacha freisin. Chuige sin, bainfear úsáid as raon de chainéil chumarsáide.

» **Obair Chomhpháirtíochta**

Oibreimid i dtreo Éireann saor ó bhochtaineacht i gcomhpháirtíocht leis an bpríomhlucht leasa. Táimid tiomanta freisin d'oibriú i gcomhar leis na ceardchumainn chun go mbeidh Comhrac na Bochtaine chomh héifeachtúil agus is féidir leis a bheith.

» **Teicneolaíocht Faisnéise agus Rialtas Leictreonach**

Leanfaimid ar aghaidh ag forbairt ár gcóras teicneolaíocht faisnéise chun an bhainistíocht faisnéise is fearr is féidir a dhéanamh, go himmheánach agus lenár lucht leasa seachtrach araon.

» **Oiliúint agus Forbairt Foirne**

Is í ár bhfoireann oilte an phríomhacmhainn atá againn. Leanfaimid ar aghaidh ag infheistiú in oiliúint agus forbairt dár bhfoireann trínár bPróiseas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta a chur i bhfeidhm.

» **Rialachas Corporáideach**

Comhlíonfaimid ár n-oibligeáidí faoi na riachtanais rialachais chorporáidigh tríd an mBord, an Stiúrthóir agus an bhFoireann Bainistíochta chun a chinntiú go mbíonn bainistíocht, cuntasacht agus treoir éifeachtúil ann.

» **Acmhainní Airgeadais agus Luach ar Airgead**


Lorgóimid maoiniú leordhóthanach ón Rialtas chun ár spriocanna straitéiseacha a sheachadadh. Bainfimid an úsáid is fearr is féidir as ár n-acmhainní airgeadais chun a chinntiú go bhfaighimid luach ar airgead.

» **Monatóireacht agus Meastóireacht**

Táimid tiomanta do mhonatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar ár bhfeidhmíocht trí mhonatóireacht leanúnach a dhéanamh ar fhorfheidhmiú an phlean seo agus trí mheastóireacht sheachtrach a choimisiúnú ina mbeidh aiseolas ónár bpríomhlucht leasa.



5 Forfheidhmiú na Straitéise »




Tá Plean Forfheidhmiúcháin mionsonraithe ag Comhrac na Bochtaine chun tacaíocht a thabhairt do sheachadadh na Straitéise ó 2005-2007. Úsáideann an Plean Forfheidhmiúcháin na Spriocanna Straitéiseacha, na Cuspóirí, na Príomhtháscairí Feidhmíochta agus na Táscairí Tionchair a leagtar amach sa Straitéis seo mar phointí tagartha.

Cé go gcuireann an Straitéis treo straitéiseach Chomhrac na Bochtaine sna trí bliana atá le teacht in iúl, déanann an Plean Forfheidhmiúcháin cur síos ar ghníomhaíochtaí níos mionsonraí, freagrachtaí sannta agus na frámaí ama a mbeidh gá leo chun aidhmeanna an Phlean Straitéisigh a bhaint amach, ag dul le feidhmeanna reachtúla Chomhrac na Bochtaine.

Déanfaimid monatóireacht agus meastóireacht ar an dul chun cinn i gcoinne na ngníomhaíochtaí atá leagtha amach inár bPlean Forfheidhmiúcháin. Trí mhonatóireacht rialta a dhéanamh ar an dul chun cinn beimid in ann pleanáil i gcomhair aon athruithe sa timpeallacht sheachtrach nó laistigh dár n-eagraíocht féin.

Tá gníomhartha san áireamh sa Phlean Forfheidhmiúcháin a leanann ar aghaidh ag forbairt acmhainn na heagraíochta. Tá an Plean Forfheidhmiúcháin le fáil ar líne ag www.combatpoverty.ie.



Aguisín: Feidhmeanna Reachtúla »




Aguisín: Feidhmeanna Reachtúla
Leagtar feidhmeanna na
Gníomhaireachta do Chomhrac na
Bochtaine amach faoin Acht um
Ghníomhaireacht do Chomhrac na
Bochtaine, Alt 4.

**(1) Beidh ag an nGníomhaireacht
na feidhmeanna ginearálta seo
a leanas:**

- (a) comhairle a thabhairt don Aire agus moltaí a chur faoina bhráid faoi gach gné de phleanáil eacnamaíoch agus sóisialach i ndáil le bochtaine sa Stát;
- (b) bearta a thionscnamh arb é is aidhm dóibh bochtaine sa Stát a shárú agus bearta den sórt sin a mheas;

- (c) cineál, cúiseanna agus méid na bochtaine sa Stát a scrúdú agus chun na críche sin taighde a chur chun cinn, a choimisiúnú agus a léiriú;
- (d) tuiscint níos fearr ar chineál, ar chúiseanna agus ar mhéid na bochtaine sa Stát agus ar na bearta is gá chun an bhochtaine sin a shárú a chur chun cinn i measc an phobail.




(2) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1) den alt seo, beidh na feidhmeanna seo a leanas ag an nGníomhaireacht freisin:

- (a) beartais agus cláir de chuid an Stáit agus de chuid comhlachtaí reachtúla agus comhlachtaí eile agus de chuid gníomhaireachtaí saorálacha a mheas agus comhairle a thabhairt don Aire agus moltaí a chur faoina bhráid ina dtaobh a mhéid a dhéanann na beartais agus na cláir sin difear do ghrúpaí nó d'aicmí daoine a bhfearann bochtaine orthu nó ar dóigh go bhfearfadh bochtaine orthu;
- (b) beartais agus cláir nua a aimsiú a bhféadfaí dul ina muinín chun críche bochtaine a shárú agus, i gcomhairle leis an Aire, a n-éifeachtúlacht a thástáil nó cuidiú lena tástáil ar fhoras turgnamhach;
- (c) faisnéis i dtaobh bochtaine agus forbairt pobail a bhailiú agus a scaipeadh agus gníomhú mar lárionad le haghaidh cunsailéireachta agus oiliúna i ndáil le forbairt pobail mar dheis chun bochtaine a shárú agus mar lárionad chun cuidiú le forbairt den sórt sin, chun an céanna a spreagadh agus chun faisnéis a thabhairt ina taobh;
- (d) tionscadail forbartha agus gníomhaíochtaí pobail chun bochtaine a shárú a chothú agus cuidiú leo, i gcomhairle leis an Aire (cibé trí chúnamh airgid nó ábhair nó eile a thabhairt);



- (e) teagmháil a bhunú agus a chothabháil le cibé Ranna Stáit, comhlachtaí reachtúla agus comhlachtaí eile agus le cibé gníomhaireachtaí saorálacha is cuí leis an nGníomhaireacht chun a chur ar a cumas a cuid feidhmeanna eile a chomhlíonadh;
- (f) gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta a mheas;
- (g) tuarascáil bhliantúil agus cibé tuarascáil eile is cuí leis an nGníomhaireacht ó am go ham, a fhoilsiú,
- (h) cibé tascanna speisialta a dhéanamh don Aire, agus cibé tuarascálacha a chur faoina bhráid, a iarrfaidh sé ó am go ham.



Gluais Téarmaí »



Réigiún na teorann » Na sé chontae ar an teorainn An Cabhán, Dún na nGall, Liatroim, Lú, Muineachán agus Sligeach.

Forbairt pobail » An próiseas fadtéarmach ina n-oibríonn daoine a bhíonn imeallaithe nó a bhíonn ag maireachtáil i mbochtaineacht le chéile chun a riachtanais a aithint, chun athrú a chruthú, chun níos mó tionchair a fháil ar na cinní a mbíonn tionchar acu ar a saolta agus chun feabhas a chur ar chaighdeán a saol, ar na pobail ina mbíonn siad ag maireachtáil agus ar an tsochaí ina mbíonn siad páirteach.

Bochtaineacht leanúnach » Deirtear go mbíonn duine i mbochtaineacht leanúnach nuair a bhíonn ioncam íseal aige agus nuair nach mbíonn, ar a laghad, ceann amháin de bhunriachtanais sonraithe acu, lena n-áirítear éadaí te, bia leordhóthanach agus teas.

Ceartha eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha » Tagraíonn sé do na ceartha a bhíonn ag gach aon duine saol iomlán daonna a bheith acu a chomhlíonann a riachtanais fhisiciúla, mhothúchána, intleachtúla agus shóisialta. Is minic go bhfuil easpa na gcearta sin mar shiomptóm de dhaoine a mbíonn ag maireachtáil i mbochtaineacht.

Cumhachtú » An próiseas ina n-aistrítear an chumhacht um chinntí a dhéanamh ó earnálacha cumhachtacha go pobail agus indibhidigh aonair nach raibh sé mar sheans acu na cinní sin a dhéanamh go traidisiúnta.

LAPS » Straitéis Áitiúil Frithbhochtaineachta a bhí deartha ag na húdaráis áitiúla chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna bochtaineachta i gceantar áitiúil.



Rialtas áitiúil » Struchtúir riaracháin áitiúla agus réigiúnacha, lena n-áirítear Comhairlí Contae, Comhairlí Cathrach (ar tugadh Bardais orthu cheana), Comhairlí Ceantar Uirbeach agus Comhairlí Baile. Ta siad freagrach as seirbhísí a sholáthar do phobail áitiúla agus feidhmíonn siad faoi mhaoirsiú an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Athchóiriú rialtais áitiúil » Clár chun rialtas áitiúil a nuachóiriú. Áirítear air sin comhtháthú rialtais áitiúil agus córais forbartha áitiúla trí Bhord Forbartha Contae agus Cathrach a bhunú.

Príomhshruthú » Téarma a úsáidtear chun cur síos ar chomhtháthú na saincheisteanna uile maidir le bochtaineacht agus uilechuimsitheacht shóisialta, peirspictíocht chomhionannais san áireamh, isteach i ngach réimse agus leibhéal de bheartas poiblí. Cuirtear chun cinn é le rannpháirtíocht comhlachtaí poiblí, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí neamhrialtais (NGO) agus páirtithe eile a mbíonn bainteach leis.

Pleananna Gníomhartha Náisiúnta in aghaidh na Bochtaineachta agus an Eisiata Shóisialta (NAPs/incl) » Is iad sin na Pleananna Éireannacha a ullmhaíodh mar chuid de phróiseas AE chun dul i bhfeidhm ar dhíothú na bochtaineachta agus an eisiata shóisialta faoi 2010. Caithfidh gach Ballstát AE pleananna dá leithéid a chumadh. Forbraíodh an Plean Éireannach reatha (2003-2005) ón NAPS (féach thíos), agus bhí sé bunaithe ar phróiseas leathan comhairliúcháin. Forbrófar Plean eile don tréimhse 2006 -2009 le linn an Phlean Straitéisigh seo.




An Straitéis Náisiúnta Frithbhochtaine (NAPS) 2002-2007 » Plean cúig bliana de chuid Rialtas na hÉireann a bhí mar aidhm aige bochtaineacht leanúnach a dhíothú trí spriocanna laghdaithe bochtaineachta a leagan amach trasna roinnt ranna Rialtais agus do roinnt grúpaí daonra a bhfuil i mbaol na bochtaineachta.

Plean Forbartha Náisiúnta » An plean de chuid Rialtas na hÉireann chun Cistí Struchtúracha AE agus airgead poiblí eile a leithdháileadh le linn na tréimhse 2000-2006 chun forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus réigiúnach a chur chun cinn.

An Straitéis Náisiúnta Sláinte » Plean reatha an rialtais chun an córas sláinte a fhorbairt le linn na tréimhse 2001 go 2011. Tugann ceithre phrionsabal treoir don Straitéis: cothromaíocht, daoine-lárnacht, ardchaighdeán agus cuntasacht.

Bochtaineacht Leanúnach » daoine i mbochtaineacht leanúnach, is é sin i mbochtaineacht i gcoibhneas le hioncam (ag titim faoi 60% den ioncam lárnach) sa bhliain seo agus in, ar a laghad dhá bhliain as na trí bliana a tháinig roimhe.

NGO » eagraíocht neamhrialtais. Tá grúpaí frithbhochtaineachta agus eagraíochtaí san earnáil phobail agus dheonach ina n-eagraíochtaí neamhrialtais.



An Próiseas Síochána » na díospóireachtaí agus na forbairtí leanúnacha a bhíonn á ndéanamh chun síocháin a chothú, bunaithe ar Chomhaontú Bhéal Feirste/Aoine an Chéasta. Áirítear air sin bunú struchtúr rialachais agus institiúidí agus tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí ar an talamh.

Clár Peace II » An Clár AE um Shíocháin agus Athmhuintearas i dTuaisceart Éireann agus Réigiún na Teorann a bhí i bhfeidhm ó 2000-2004 (agus a rachaidh ar aghaidh go 2006 anois).

Daoine i mbaol na bochtaineachta »

Is iad na daoine ar leithligh a aithnítear sa Straitéis Náisiúnta Frithbhochtaine mar dhaoine a bhíonn i mbaol na bochtaineachta: mná, leanaí agus daoine óga, daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas, an Lucht Siúil, imircigh agus grúpaí eitneacha mionlacha, coirpigh agus iarchoirpigh. Bíonn daoine a mbíonn cónaí orthu i gceantair uirbeacha agus tuaithe faoi mhíbhuntáiste i mbaol mór bochtaineachta freisin. Is grúpaí an-leochaileach iad na daoine a mbíonn cónaí orthu i mbochtaineacht dháiríre, mar shampla, daoine gan dídean.




Bochtaineacht » Bíonn daoine ag maireachtáil i mbochtaineacht mura mbíonn sé ar a gcumas caighdeán maireachtála a bheith acu atá ard go leor le bheith inghlactha ag pobal na hÉireann i gcoitinne mar gheall ar a n-ioncam agus a n-acmhainní (ábhartha, cultúrtha agus sóisialta). Toisc nach mbíonn ioncam nó acmhainní leordhóthanacha acu, seans go mbíonn daoine dá leithéid imeallaithe agus eisiata ó rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí a nglactar leo mar ghnáthghníomhaíochtaí do dhaoine eile sa tsochaí.

Bochtaineacht i gCoibhneas le hIoncam » Daoine a bhíonn ag maireachtáil faoi bhun tairseach ioncaim áirithe. Is é an gnáththairseach a ghlac an tAontas Eorpach leis faoi 60% den ioncam lárnach. Is é an t-ioncam lárnach an phointe lárnach sa dháileadh ioncaim .i. an phointe lárnach dá mbeadh na hioncaim go léir curtha i líne, ón ioncam is ísle go dtí an t-ioncam is airde.

Riosca bochtaineachta » Téarma de chuid an AE chun cur síos a dhéanamh ar chéatadán an daonra a bhíonn ag maireachtáil i mbochtaineacht i gcoibhneas le hioncam, is é sin, faoi 60% den ioncam lárnach.

Bochtaineacht Dháiríre » Daoine a bhíonn ag maireachtáil ar ioncaim an-íseal, i ndroch-choinníollacha agus a bhíonn imeallaithe ag an tsochaí cosúil le daoine gan dídean, roinnt baill den Lucht Siúil, daoine le fadhbanna meabharshláinte dáiríre agus daoine faoi mhíchumas nuair nach mbíonn aon seirbhís chuí ar fáil dóibh agus daoine scothaosta i ndroch-chóiríocht. Eisiamh Sóisialta – An próiseas trína ngearrtar roinnt grúpaí amach ón tsochaí agus cuirtear cosc orthu a bheith go hiomlán rannpháirteach mar gheall ar a mbochtaineacht, idirdhealú nó oideachas nó scileanna saol nach mbíonn leordhóthanach. Mar sin, bíonn siad scartha amach ó dheiseanna post, ioncaim agus oideachais chomh maith le gréasáin shóisialta agus phobail agus ní bhíonn mórán rochtana acu ar chomhlachtaí cumhachtacha nó comhlachtaí déanta cinntí.



Uilechuimsitheacht shóisialta »

Próiseas a chinntíonn go mbíonn na deiseanna agus na hacmhainní ag na daoine a bhíonn i mbaol na bochtaineachta agus an eisiata shóisialaigh a mbíonn gá leo chun a bheith go hiomlán rannpháirteach i saol eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha agus chun caighdeán maireachtála agus dea-bhraistinte a bhaint amach a ghactar leis mar ghnáthchaighdeán na sochaí ina mbíonn siad ag maireachtáil. Cinntíonn sé go mbíonn rannpháirtíocht níos mó acu i ndéanamh cinntí a mbíonn tionchar acu ar a saol agus go mbíonn níos mó rochtana acu ar a gcearta bunúsacha.


Dáileadh spásúil na bochtaineachta »

Déanann sé cur síos ar shuímh thírreolaíoch na bochtaineachta ar fud na tíre.

Bochtaineacht struchtúrach »

Tagraíonn sé don saghas díothachta a bhíonn treisithe ag bacainní riaracháin, eacnamaíoch agus sóisialta a chuireann cosc ar dhaoine rochtain a fháil ar scileanna saol nua, ioncam leordhóthanach, deiseanna fostaíochta, cúram sláinte níos fearr agus tithíocht níos fearr.

Dul Chun Cinn a Chothabháil » Seo é an séú "comhaontú náisiúnta" a leagadh amach idir an Rialtas agus na comhpháirtithe sóisialta (fostóirí, ceardchumainn, feirmeoirí, an earnáil pobail agus dheonach). Tá sé i bhfeidhm ó 2003-2005. Leagann sé amach paraiméadair le haghaidh dul chun cinn eacnamaíoch agus agus sóisialta le linn na tréimhse sin, comhaontú pá san áireamh.




Deich dtionscnamh speisialta »

Tá siad san áireamh in Dul Chun Cinn a Chothabháil. Áirítear ar na tionscnaimh sin "Ending Child Poverty", "Tackling Educational Disadvantage", "Long-Term Unemployed" agus "Care". Cuirfear béim ar leith ar gach aon cheann acu agus cuirfear gach ceann chun cinn ag Coiste a bunaíodh don chúis sin.

Daoine i mbochtaineacht a bhíonn ag obair » Daoine a bhíonn ag obair ag tuilleamh ioncam íseal ach a mbíonn teaghlach acu le caighdeán maireachtála faoi bhun an tairsigh bhochtaineachta.

An Páipéar Bán Supporting Voluntary Activity » Páipéar Bán de chuid an Rialtais a foilsíodh in 2000 a leagann amach beartas chun tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíocht dheonach agus chun an ghaolmhaireacht idir an earnáil Stáit agus an earnáil pobail agus dheonach a fhorbairt.





An Ghníomhaireacht um Chomhrac na Bochtaine
Ionad Uisce an Dhroichid
Bóthar Conyngham
Droichead na hInse
Baile Átha Cliath 8

T: 01 670 6746

F: 01 670 6760

E: info@cpa.ie

www.combatpoverty.ie



gníomhaireacht um chomhrac na bochtaine

Combat Poverty
Agency *working for a
poverty-free Ireland*